# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2024

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

### Rúisis

### Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Marcáil:**

- Ba cheart gach script a mharcáil le peann dearg.
- Bronn marc ar gach ceist/roinn de cheist, fiú más é 0 an marc. Scríobh marc os cionn an ábhair. San imeall ar dheis suimigh na marcanna le haghaidh ceiste/focheiste agus cuir líne fúthu.
- Ceartaigh an t-ábhar go léir. Áit a gcuirtear níos mó ábhair ar fáil ná mar a theastaíonn, bronn marc ar an ábhar sin agus tabhair an marc idir lúibíní cearnógacha: [marc]. Ná cuir na marcanna sin san áireamh agus an cheist sin á suimiú agat.
- Áit a n-úsáideann iarrthóir an t-eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, ná glac ach leis an gcéad fhreagra.
- Scríobh líon iomlán na marcanna a fhaightear ar leathanach 1 ag bun an leathanaigh idir lúibíní cruinne. Ina dhiaidh sin, coinnigh iomlán reatha ag bun an leathanaigh idir lúibíní cruinne.
- Suimigh gach ceist (C.1., C.2., C.3.) agus tú ag dul ar aghaidh agus cuir ciorcal timpeall na marcanna sin ag barr an leathanaigh áit a dtosaíonn an cheist.
- Seiceáil faoi dhó an t-iomlán deireanach tríd an suimiú deireanach (bun an leathanaigh) a chur i gcomparáid le líon na marcanna le haghaidh gach ceiste (barr an leathanaigh).
- Ábhar a bhfuil líne curtha trí: más ceart/ábhartha tabhair marc.

**Socrú Réasúnta**: Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach. Le hobair na n-iarrthóirí á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm. Ciallaíonn sé seo nach ngearrtar pionós ar earráidí litrithe agus i ngnéithe áirithe gramadaí mar chásanna míchearta agus réimnithe. Samhlaigh go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra mar thaifeadadh. Ní cóir marcanna a bhaint ach i gcás botúin a thabharfá faoi deara agus tú ag éisteacht. m.sh. má fhuaimníonn sé ceart, ná gearr pionós.

**Scríobh 'SMM' ar chlúdach na scripte má cuireadh an scéim mharcála leasaithe i bhfeidhm.**

**Teanga an fhreagra:** Má fhreagraítear sa teanga mhícheart:

Má tá freagra i mBéarla de dhíth: NÁ tabhair aon mharcanna (ach amháin sa triail chluastuisceana i gcás nach ngearrtar aon phionós as freagra a thabhairt sa teanga mhícheart)

Má tá freagra i Rúisis de dhíth: NÁ tabhair aon mharcanna

**Cáilíocht an Bhéarla:** Ní bheidh caighdeán an Bhéarla ina fhachtóir mheasúnaithe ach sa mhéid go gcuireann sé isteach ar an gcumarsáid.

**1.** Níor cheart go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt faoi dhearcadh an iarrthóra. Má bhíonn deacracht ag an scrúdaitheoir a chinneadh cad is brí leis an mBéarla, ná tabhair marcanna.

**2.** Tá na húsáidí seo a leanas inghlactha:

- Focail ar "Iasacht" a fhaightear sa Bhéarla caighdeánach (m.sh.*dacha*, *putsch, perestroika, glasnost…*)
- Úsáid acrainmneacha de bhunadh na Rúisise (m.sh. SSSR)
- Úsáid as téarma teicniúil Rúisise ar mhaithe le soiléireacht i ndiaidh leagan Béarla den téarma céanna
- Nuair a léiríonn an freagra ina iomláine úsáid chuí struchtúr agus stór focal an Bhéarla

**An scéim mharcála a dhíchódú:** Léiríonn fleasc [/] roghanna eile, agus déanfaidh aon cheann acu sin cúis.

## ROINN I – 120 MARC

**Ceist 1. Léirthuiscint** **(40 + 10 = 50 mharc)**

- Tabhair **2 mharc** in aghaidh an tsonra. Glac le freagraí ar cheisteanna a chuireann fianaise ar fáil ó ranna nach dtagraítear dóibh sa cheist.
- Nuair a úsáideann iarrthóir an t-eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, marcáil an dá fhreagra agus glac leis an gceann a thugann an líon is airde marcanna don iarrthóir. Cuir lúibíní cearnacha thart ar an bhfreagra eile lena thaispeáin gur ábhar dúblach é ar tugadh marcanna ina leith cheana féin.
- I gcás ina gcuirtear gné de fhreagra le fios go soiléir ach nach luaitear é, ná tabhair marcanna ar an ngné sin.
- Sa chás ina gcomhcheanglaíonn iarrthóir dhá smaoineamh/choincheap i gceann amháin [deartháir + deirfiúr = siblíní], agus scileanna maithe sintéisithe a léiriú ar an dóigh sin, tabhair marc ar gach coincheap.

**Ceist 1.1** – **Léirthuiscint (téacs)** **(40 marc)**

**1. (i)** Déan cur síos ar an gcaoi ar chaith na hiascairí a laethanta. Tabhair **dhá** shonra. **2 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- chaith siad gach lá ar chladach an locha / ó mhaidin go hoíche
- shnámh siad
- bhíodar ag iascaireacht
- bhíodar ag cócaráil anraith éisc / “ukha” / ar an tine

**1. (ii)** Tabhair dhá shonra faoin gcat áitiúil ar tugadh ‘An Gadaí’ air. **2 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- ba chat rua / oráiste é
- bhí a cháil amuigh mar chat a goideadh gach rud / iasc / feoil / uachtar géar / arán
- bhí sé an-mhaith ag dul i bhfolach

**2. (i)** Cad a d’inis na buachaillí do na hiascairí le linn an bhricfeasta? Tabhair sonra **amháin**. **1x2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- chonaic siad cat le hiasc

***tabhair 1 mharc:***

- chonaic siad cat

**2. (ii)** Cén fath ar chríochnaigh an cat thuas ar bharr an chrainn ar deireadh? Tabhair sonra **amháin**. **1x2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- ghoid sé píosa ispín / salámaí ón mbord
- bhí sé ag teitheadh ón iascaire

**2. (iii)** Conas a d'iompair an cat é féin fad a bhí sé sa pholl? Tabhair sonra **amháin**. **2 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- níor fhág sé an poll / d'fhan sé sa pholl
- bhí sé ag meamhlach gan stad / rud a chuirfeadh isteach ar aon duine
- níor scaoil sé leis an iasc

**2. (iv)** Conas a d'éirigh le Lyonka an cat a thógáil amach as an bpoll faoin teach? Tabhair **dhá** shonra. **2 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- cheangail sé iasc go dtí ceann an rópa thanaí / d'úsáid / rinne sé baoite (iasc a ceanglaíodh leis an rópa tanaí)
- chaith sé an baoite / an t-iasc a bhí ceangailte leis an rópa tanaí isteach sa pholl
- tharraing sé an rópa / an cat amach

**3. (i)** Déan cur síos ar an gcat mar a chonaic na hiascairí den chéad uair é. Tabhair **dhá** shonra. **2 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- bhí sé tanaí / míchothaithe
- bhí cluas stróicthe aige / cluas aige a raibh damáiste déanta di
- bhí eireaball gearr aige

**3. (ii)** Dá gcuirfí an cat faoi ghlas sa seid, ní réiteodh sé sin an fhadhb. Mínigh an fáth. Tabhair cúis **amháin**. **1x2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- theithfeadh an cat
- leanfadh sé ar aghaidh ag goid
- ní athródh an cat toisc gur dual don chat é sin a dhéanamh / is cuid de charachtar an chait é

***tabhair 1 mharc:***

- ní athródh an cat

**3. (iii)** Tabhair **dhá** shonra faoi bheathú an chait. **2 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- coincheap na cáilíochta: thug na hiascairí an bia is fearr / béile iontach don chat
- coincheap na héagsúlachta: feoil / iasc / pancóga le huachtar géar
- coincheap an fhaid ama: bhí an cat ag ithe ar feadh níos mó ná uair an chloig / ar feadh tamall fada
- ba bhéile / dhinnéar na hoíche a bhí ann

***tabhair 1 mharc:***

- cuireadh an cat sa bhothán

**3. (iv)** Conas a d'iompair an cat é féin tar eis an bhéile? Tabhair **dhá** shonra. **2 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- níor dhearna an cat iarracht teitheadh
- d'fhág an cat an bothán go mall
- shuí sé taobh amuigh den teach
- thosaigh sé á ní / ní sé é féin

- thosaigh ag féachaint orainn
- stop an cat ag goid
- thosaigh an cat ag cónaí i dteach an iascaire
- thosaigh an cat ag siúil timpeall an tí agus an ghairdín
- bhí an chuma ar an gcat amhail is gurbh é an t-úinéir / máistir agus an fairtheoir / garda é

**4. (i)** Cad a bhí á dhéanamh ag na cearca sa ghairdín an mhaidin dár gcionn? **2 x 2 mharc**
Tabhair **dhá** shonra.

***tabhair 2 mharc:***

- dhreap na cearca an bord
- thosaigh siad ag giobadh / ag ithe (lus na gcearc) leitean / "kasha" / gráinní / ó na plátaí / na babhlaí
- baineadh geit astu / thosaigh siad ag cruthú torainn agus fuaime glóraí
- bhris siad gloine / le bainne inti
- chuaigh siad i bhfolach sa bhothán

**4. (ii)** Cén fhreagairt a bhí ag an gcat ar iompar na gcearc? Tabhair **dhá** shonra. **2 x 2 mharc**

***tabhair 2 mharc:***

- níor thaitin sé leis an gcat
- chuaigh an cat i ndiaidh na gcearc
- chosain an cat an gairdín ó ionsaí na gcearc
- bhí an cat ag meamhlach go glórach

**Ceist 1.2 – Feasacht Teanga** **(10 marc)**

Freagair ceist **AMHÁIN** díobh seo: C. 1.2(i) **nó** 1.2(ii)

**C. 1.2 (i)** Scríobh síos foirm infinideach/foclóra na mbriathra seo a leanas ón téacs:

**Tabhair 2 mharc ar gach freagra ceart:** **5x2 mharc**

| Briathar/Глагол | Infinideach/Инфинитив |
|---|---|
| стали | стать |
| показалась | показаться |
| поможет | помочь |
| вышел | выйти |
| следует | следовать |

**NÓ**

**C. 1.2 (ii)** Meaitseáil na focail, ar roghnaíodh iad ar fad as an téacs, leis na hainmneacha ar ranna cainte. Cuir an uimhir chuí sa cholún sa tábla ar dheis, dar teideal **RANNA CAINTE.**

**Tabhair 2 mharc ar gach freagra ceart:** **5x2 mharc**

**RANNA CAINTE / ЧАСТИ РЕЧИ**

1. aidiacht / имя прилагательное
2. ainmfhocal / имя существительное
3. réamhfhocal / предлог
4. forainm / местоимение
5. briathar / глагол

| FOCAIL / СЛОВА | RANNA CAINTE / ЧАСТИ РЕЧИ |
|---|---|
| звали | 5 |
| при | 3 |
| её | 4 |
| ужин | 2 |
| Зелёными | 1 |

**Ceist 2. Léirthuiscint** **(40 + 10 = 50 mharc)**

**Ceist 2.1 – Léirthuiscint: Achoimre a Scríobh** **(10 x 4 mharc)**
Scríobh alt **i nGaeilge** mar fhreagra ar na ceisteanna faoi gach roinn.
Bronntar marcanna ar ábharthacht na bhfreagraí agus ar scileanna achoimrithe, ar struchtúrú do fhreagra, agus ar do chumas eolas riachtanach a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.

**Tabhair 2 mharc ar gach ceann de 4 shonra (suas le 8 marc) AGUS tabhair 2 mharc lánroghnacha d'iarrthóirí a dhéanann an méid seo a leanas:**

- *A gcuid smaointe in iúl / a fhorbairt go soiléir.*
- *A sholáthraíonn fianaise ar chumas rudaí a tharraingt le chéile.*
- *A sholáthraíonn sonraí breise.*
- *A thaispeánann an cumas idirdhealú a dhéanamh idir príomhphointí agus sonraí tánaisteacha.*

*Coinnítear siar marcanna lánroghnacha nuair a léiríonn an t-iarrthóir tuiscint dhomhanda ach go ndéanann sé nó sí earráidí sna sonraí/fágann sé nó sí sonraí ar lár nó nuair a bhíonn an t-eolas ábhartha ina bhfreagraí ach go bhfuil easpa comhleanúnachais ann.*

*Ná tabhair aon mharcanna ar shonraí nach bhfuil san áireamh sa bhuntéacs. Ná tabhair aon mharcanna ar shonraí atá sa cheist.*
*Ní fhéadfar marcanna aonair a thabhairt ar mhionsonraí ach amháin i gcásanna ina bhfuil na sonraí páirteacha intuigthe do chainteoir aonteangach Béarla.*

*Is féidir marcanna lánroghnacha (seachas marcanna ar an ábhar) a thabhairt nuair a thugann iarrthóirí fianaise go dtuigeann siad méid suntasach sonraí ach nach bhfuil siad ábalta an méid a thuigeann siad a chur in iúl i mBéarla intuigthe (mar shampla, nuair a chuimsíonn siad líon iomarcach focal Rúisise ina gcuid freagraí).*

*Má theipeann ar iarrthóir gach roinn/fo-roinn de cheist a fhreagairt, ní féidir níos mó ná 1 marc lánroghnach a bhronnadh)*

**Cuid 1.** Cad a cheapann Masha dá taithí oibre go dtí seo? Tabhair **ceithre** shonra. **10 marc**

***Mórphointí:***
- is deacair an rud é post a aimsiú do dhuine atá 11 bhliain d'aois
- bhí Masha sásta go raibh a cuid airgid féin á tuilleamh aici
- íocadh 400 rúbal chuici / bhí sí sásta leis an méid airgid a bhfuair sí (400 rúbal)
- ní thuilltear airgead gan stró
- ní raibh coinníollacha a poist roimhe sin cothrom / síleann sí nach raibh 150 rúbal a dhóthain airgid le haghaidh post den chineál sin
- bhí díomá uirthi i ndáil lena taithí / ní oibreoidh sí sna coinníollacha sin arís
- beidh sé níos éasca post a fháil nuair atá sí 14 bliana d'aois

***Sonraí tánaisteacha:***
- bhí tuirse uirthi / ar a cosa
- bhí sí ag díol cuimhneacháin dá céad post
- chabhraigh sí lena máthair uachtar reoite a dhíol
- ní bhfuair sí aon íocaíocht as a bheith ag cabhrú lena máthair

**Cuid 2.** Cad iad na ceachtanna a d'fhoghlaim Arseniy óna thaithí ar obair shamhraidh? Tabhair **ceithre** phíosa eolais. **10 marc**

***Mórphointí:***

- d'fhoghlaim sé an-chuid faoi na beacha / faoin mbeachlann
- mhothaigh sé go raibh saoirse / neamhspleáchas airgeadais aige + thaitin sé leis
- is rud ceart é a bheith ag obair ag an aois sin
- téann obair chun sochair na ndaoine i gcónaí
- spreagann obair daoine chun smaoineamh ar an todhchaí + conas airgead a chaitheamh
- fuair sé blaiseadh de shaol an duine fásta

***Sonraí tánaisteacha:***

- bhí áthas air gurbh fhéidir leis an t-airgead a chaitheamh ar a riachtanais féin
- bhí áthas air gur thuill sé an t-airgead cé nár suim mhór a bhí ann
- níor fhoghlaim sé aon scileanna gairmiúla ar leith
- d'oibrigh sé i leabharlann na scoile

**Cuid 3.** Tugann Natasha cur síos ar an buntáistí a bhaineann le post a fháil agus tú i do dhéagóir. Tabhair ceithre shonra. **10 marc**

***Mórphointí:***

- cabhraíonn sé leis na déagóirí tuiscint a fháil ar (choincheap na) hoibre
- cabhraíonn sé leo tuiscint a fháil ar na freagrachtaí ar gá dóibh a chomhlíonadh
- cuireann sé smacht ort / cabhraíonn sé leat do chuid ama a bhainistiú / cuireann sé ort do chuid ama a chur amú
- braitear go raibh neamhspleáchas agat dá bharr
- múineann sé duit conas do chuid airgid a úsáid / múineann sé duit gan do chuid airgid (ar oibrigh tú go dian ina leith) a chur amú
- forbraíonn sé do chuid scileanna cumarsáide / cabhraíonn sé leat foghlaim conas déileáil le / cumarsáid a dhéanamh le daoine / le do chomhghleacaithe / do chliaint / conas fadhbanna / cúrsaí coimhlinte a réiteach

***Sonraí tánaisteacha:***

- ba cheart go dtabharfar cead do dhéagóirí a bheith ag obair le linn an tsamhraidh / na laethanta saoire

**Cuid 4.** Cad iad na rudaí faoi phost a bheith ag a hiníon a bhí ag cur imní ar Tamara? Tabhair **ceithre** shonra. **10 marc**

***Mórphointí:***

- tagann tuirse ar a hiníon / caitheann sí an lá ar fad ar a cosa
- bíonn imní uirthi go gcuirfidh post a hiníne isteach ar a cuid scolaíochta / staidéir
- cinnfidh a hiníon gan leanúint lena cuid staidéir / oideachais / go bhfágfaidh a hiníon an scoil ar fad ar fad
- tá imní uirthi nach ndéanann a hiníon an t-airgead a shábháil ar aon rud r leith / ar leabhar nótaí / ar ghuthán nua
- cuireann sí a cuid airgid amú ar shiopadóireacht agus ar chóisirí / caitheann sí airgead gan smaoineamh
- bíonn imní uirthi nach dtuigeann a hiníon cad iad na cathuithe a d'fhéadfadh a bheith contúirteach

***Sonraí tánaisteacha:***

- síleann sí go bhfuil leanaí ró-shoineanta agus go bhféadfaí leas a bhaint astu / calaois a dhéanamh orthu go héasca
- creideann Tamara gur cheart do leanaí a scíth a ligean le linn laethanta saoire na scoile
- creideann sí gur cheart do leanaí taitneamh a bhaint as a n-óige / as a bheith ina leanaí

**Ceist 2.2 – Feasacht Teanga** **(10 marc)**

Freagair ceist **AMHÁIN** díobh seo: C. 2.2(i) **nó** 2.2(ii)

**C. 2.2 (i)** Sa téacs 'Obair do dhéagóirí: buntáistí agus míbhuntáistí' aimsigh cúig fhocal a bhaineann le 'Fostaíocht' agus déan iad a liostú **i Rúisis.**

**Tabhair 2 mharc ar gach freagra ceart:** **5x2 mharc**

**Réimse séimeantach/Семантическое поле:**

- работа, подработать, поработать, заработать, наработаться, подработка
- торговать
- продавец, курьер, официант, помощник повара, онлайн-менеджер
- условия (работы)
- заплатили
- деньги, рубли, сумма, оплата (без оплаты), зарплата,
- трудоустроен, труд
- опыт работы
- финансовая свобода, финансовая ситуация, финансы
- профессиональные навыки
- обязанности
- коллектив
- клиент(ы)
- идти на контакт, конфликтные ситуации

Níl an liosta seo uileghabhálach.

*ná tabhair marcanna don fhocal céanna a cuireadh ar fáil i gcásanna difriúla m.sh. работа, работу

# NÓ

**C. 2.2 (ii)** Cuir in iúl tuiseal na n-ainmfhocal i gcló **trom**.

**Tabhair 2 mharc ar gach freagra ceart,** is féidir freagraí a thabhairt i nGaeilge, i mBéarla nó i Rúisis**:** **5x2 mharc**

| **Frása ainmfhoclach/словосочетание** | **Tuiseal/падеж** |
|---|---|
| мы с **подругой** | Tuiseal uirliseach / Творительный падеж |
| помогала **маме** | Tuiseal tabharthach / Дательный падеж |
| раздавать **листовки** | Tuiseal cuspóireach / Винительный падеж |
| стояли на **улице** | Tuiseal réamhfhoclach / Предложный падеж |
| больше **возможностей** | Tuiseal ginideach / Родительныый падеж |

**Ceist 3. Dioscúrsa Leanúnach a Struchtúrú** **(20 marc)**

Déan na míreanna nuachta sa tábla thíos a mheaitseáil leis an roinn cheart sna nuachtáin.

**Tabhair 2 mharc ar gach freagra ceart:** **10x2 mharc**

| | |
|---|---|
| **8** | 5 августа жители и гости города Омска смогут прокатиться на «Музыкальном трамвае». Он проследует по маршруту №4. Пассажиров ждёт живое исполнение музыкальных композиций, игры и сладкие призы. Проезд бесплатный. |
| **1** | Если у вас есть симптомы простуды, но нет температуры, приходите на приём к дежурному врачу в поликлинику без предварительной записи. При необходимости дежурный врач направит вас к узкому специалисту. |
| **10** | Главным источником загрязнения воздуха являются автомобили, сообщают власти столицы. Москвичам приходится вдыхать выхлопные газы, которые содержат около 220 вредных веществ. Информацию о чистоте воздуха можно найти на интерактивной карте. |
| **3** | В ноябре жители столицы смогут увидеть метеорный поток Леониды, который достигнет своего пика в ночь на 18-е число. Астрономы ожидают около 15 метеоров в час. Кроме того, можно будет понаблюдать за всеми яркими звёздами зимних созвездий. |
| **9** | Представляем аудио-проекты московских учеников, которые записывают интересные подкасты в школьных медиастудиях. Ребята говорят о том, что их волнует, рассуждают о жизни, читают стихи и даже поют под гитару. |
| **4** | Для учащихся средних школ города Тюмени предлагаются мастер-классы по изобразительному искусству. Школьники смогут освоить навыки рисования и создать пейзажи на тему «Осенняя пора». |
| **7** | В Великом Новгороде в рамках Международного театрального фестиваля Достоевского состоится благотворительный показ спектакля «Неточка Незванова». Вход свободный для всех желающих. |
| **5** | Уходящий июль запомнился жителям Москвы и области температурным рекордом: в ночь на 7 июля воздух в столице прогрелся до 23 градусов тепла – этот «тропический» показатель сделал её самой тёплой за всю историю наблюдений в столице. |
| **6** | В Санкт-Петербурге стартует чемпионат России по плаванию. В течение 6 дней спортсмены разыграют 48 комплектов наград, а зрители увидят на дорожках бассейна сильнейших спортсменов России. |
| **2** | В Москве названы победители премии имени Чуковского для детских писателей. Лучшими произведениями стали 7 книг, 6 из которых выбрали члены жюри, а победителя седьмой номинации определило народное голосование. |

## ROINN II GRAMADACH, ÚSÁID TEANGA AGUS SCRÍBHNEOIREACHT FAOI THREOIR
## - 100 marc

**Ceist 1. Gramadach** **(30 marc)**

Léigh an téacs seo a leanas. Scríobh na focail idir lúibíní san fhoirm cheart.

***Nóta:*** *Sa cheacht seo beidh na freagraí ceart nó mícheart:*

- *Má tá an focal mílitrithe / tras-scríofa, ná tabhair marcanna.*
- *Ná tabhair marcanna má thugtar an briathar san aimsir mhícheart.*

**Tabhair 2 mharc in aghaidh na foirme cearta:** **15 x 2 mharc**

«С Новым годом! С Новым счастьем!» Раньше всех эти слова говорят жители Камчатки и Дальнего Востока. И только через девять **(часов)** поздравляют друг друга с праздником москвичи. Новый Год **(празднует)** вся страна. Все дети и взрослые с нетерпением **(ждут)**, когда куранты пробьют двенадцать, чтобы загадать желание. Новый год – это самый любимый и оптимистический праздник. К **(нему)** все готовятся заранее. В праздничные дни город необычен. В витринах магазинов, на площадях и в парках **(стоят)** нарядные ёлки. На улицах много **(людей)**. Они **(спешат)** закончить дела старого года, приготовиться к **(празднику)** – купить подарки детям, родным, друзьям. Праздник начинается с украшения **(новогодней)** ёлки. Это огромное удовольствие для взрослых и детей, поэтому во многих домах ёлку наряжают всей семьёй. Ёлочные игрушки хранятся почти в **(каждом)** доме. Целый год они лежат в коробках и ждут **(своего)** часа. Каждый год покупается несколько **(новых)** игрушек. Иногда в доме есть игрушки, которые подарили бабушке ещё в её детстве.

Самый главный сюрприз лежит под **(ёлкой)**. Там подарки, которые принёс добрый Дед Мороз. Сколько же **(ему)** лет? Нам кажется, что он так же стар, как другие герои сказок. Но на самом деле он самый молодой из русских **(сказочных)** героев.

**Ceist 2. Aiste Ghearr: Feasacht Chultúrtha** **(30 marc)**

Scríobh aiste ghearr (**50 focal**) **i Rúisis** ar cheann **amháin** de na topaicí seo thíos. Tabhair **cúig** shonra fhíorasacha. Scríobh síos teideal na haiste lena chur in iúl cén aiste atá á scríobh agat.

Bronntar marcanna ar ábhar cuí, ar úsáid teanga agus ar struchtúr (eagrú smaointe).

- Ceol agus / nó ceoltóirí Rúiseacha / Русская музыка и / или музыканты
- Turasóireacht sa Rúis / Туризм в России
- An Teaghlach sa Rúis / Семья в России
- Plandaí agus Fiadhúlra sa Rúis / Растительный и животный мир в России
- Cultúr na hóige sa Rúis / Молодежная культура в России

**Tabhair:**

Ábhar (C) = 10 marc

Teanga + cumas scríofa (E) = 20 marc

Nóta: Marcáil an t-ábhar agus teanga/cumas scríofa astu féin

**1. Cumarsáid/ábhar (C)**

- Tabhair marcanna don ábhar ar dtús (ex10). Ní bhronntar aon mharcanna ar fhaisnéis/ábhar nach mbaineann le hábhar.
- Bain úsáid as lúibíní cearnóga chun ábhar neamhábhartha a chur i leataobh [ … ]; ná bíodh sé san áireamh agus an cumas scríofa á mheas.
- Ní bhronnfar aon mharc ar theanga sa chás go bhfuil freagraí go hiomlán neamhábhartha nó gan aon ábhar fiúntach a bheith iontu.
- Tabhair dhá mharc ar an ábhar ar a mhéad as ráiteas nó breithiúnas tosaigh/comhthéacsúil (ní sonra fíorasach).
- Tabhair 2 mharc ar gach sonra ábhair ábhartha (suas le 10 marc ar a mhéad).
- Ní mór d'iarrthóirí an cheist atá á freagairt acu a léiriú. Mura léiríonn iarrthóir an cheist atá á freagairt aige nó aici bain marc pionóis AMHÁIN as scór iomlán an ábhair.

**2. Cumas scríofa (E)**

- Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga.
- (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.
- Más é 5 nó níos lú an marc ar an ábhar [ach amháin sa chás inar baineadh marc pionóis agus gur laghdaigh sé na marcanna ábhair síos go 5], nó má tá an cheist ró-ghearr (níos lú ná 25 focal), marcáil an cumas scríofa as 14 agus scríobh 'E níos ísle ' chun é sin a chur in iúl.
- Cuir bosca cearnógach timpeall earráidí a dhéantar arís is arís eile, na gearr pionós astu arís.
- Úsáid líne chorrach chun líne a chur faoi bhotúin litrithe agus earráidí stóir focal.
- Cuir líne faoi botúin mhóra.
- Bain 1/2 mharc ó iarrthóirí a úsáideann comharthaí boga go randamach nó nach n-úsáideann comharthaí boga san aimsir láithreach nó san aimsir infinideach

| Marc | Teanga: léacsas, cruinneas, líofacht |
|---|---|
| **18-20**<br><br>**E níos ísle**<br>**12-14** | Teanga shaibhir chasta, ag baint úsáid as raon leathan léacsais chuí. Oireann an ton agus an clár go hiomlán don tasc roghnaithe.<br>Beagnach foirfe ó thaobh cruinnis. Líofa, ag léiriú ardleibhéal sofaisticiúlachta agus struchtúir na teanga á láimhsiú. |
| **14-17**<br><br>**E níos ísle**<br>**10-11** | Úsáidtear réimse maith léacsais chuí, le mionearráidí léacsacha amháin. Oireann an ton agus an clár don tasc de ghnáth.<br>Cúpla earráid, de nádúr mionchúiseach den chuid is mó. Láimhsiú rathúil na teanga. Úsáid eachtrúil as struchtúir chasta, agus neamart ó am go chéile. |
| **10-13**<br><br>**E níos ísle**<br>**7-9** | Úsáidtear réimse leordhóthanach ach intuartha léacsais. Roinnt earráidí suntasacha léacsacha.<br>Roinnt earráidí móra gramadaí déanta, gan cur isteach go mó ar an gcumarsáid.<br>Sásúil maidir le láimhsiú maith na teanga. Ní éiríonn i gcónaí le hiarrachtaí struchtúir chasta a láimhseáil.<br>Tá an cumas scríofa an-líofa, le leibhéal ard éagsúlachta léacsaí, comhréire agus nathaí, ach tá fadhbanna móra ag baint leis an gcruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha focal + moirfeolaíocht infhillte). |
| **6-9**<br><br>**E níos ísle**<br>**4-6** | Buneolas éigin ar léacsas ach níl éagsúlacht ann. Bíonn an léacsas míchuí go minic agus béarlachas agus focail mhíchearta ann go rialta.<br>Is minic go gcuireann earráid bhunúsach e.g. réitigh, foirmeacha briathair isteach ar an gcumarsáid.<br>Cumas teoranta teanga a láimhsiú; teanga shimplí 'aistrithe' den chuid is mó a chuireann isteach ar an gcumarsáid. |
| **1-5**<br>**E níos ísle**<br>**1-3** | Eolas agus réimse léacsais an-teoranta. Focail an-bhunúsach, mhíchuí nó mhíchearta. A lán béarlachais Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin.<br>Earráidí bunúsacha go forleathan. Gan mórán cumais an teanga a láimhsiú. |
| **0** | Eolas agus raon chomh teoranta nach féidir marc ar bith a bhronnadh |

***Suimigh na marcanna ar chumarsáid/ábhar (C) agus ar an gcumas scríofa (E/ E níos ísle) chun na marcanna iomlána a thabhairt don cheist.***

**Ceist 3. Scríbhneoireacht faoi threoir** **(40 marc)**

Scríobh píosa leanúnach próis i Rúisis (**140 focal**) mar fhreagra ar cheann **AMHÁIN** acu seo thíos. Cinntigh go ndéanfaidh tú na pointí **GO LÉIR** atá liostaithe a chuimsiú i do fhreagra.

**1. LITIR**

a) Scríobh litir thar ceann Lyonka chuig na hiascairí (Triail Léirthuisceana, Ceist 1) le hinsint dóibh faoin dóigh ar shocraigh an cat isteach ó d'imigh siad. Tagair i do litir do na pointí seo a leanas:

- oscailt (A)
- an áit a gcónaíonn an cat anois (B)
- an chuma atá ar an gcat anois (C)
- an chaoi ar athraigh carachtar an chait (D)
- críochnaigh (E)

**NÓ**

b) Scríobh litir ag fiosrú faoi obair mar cheannaire foirne i gcampa samhraidh. Tagair i do litir do na pointí seo a leanas:

- oscailt (A)
- buneolas fút féin, lena n-áirítear d'oideachas (B) agus do chaithimh aimsire (C);
- an fáth a bhfuil spéis agat sa phost seo (D)
- na dátaí a mbeidh tú ar fáil (E)
- an taithí oibre atá agat go dtí seo (F)
- críochnaigh (G)

**2. SCÉALAÍOCHT**

a) Scríobh cuntas ar an turas scoile is mó a bhfuil cuimhe agat air.

**NÓ**

b) Tá Masha (Triail Léirthuisceana, Ceist 2) díreach tar éis tosú ina post páirtaimseartha. Scríobh an blag a bhí ag Masha ag déanamh cur síos ar a céad lá sa phost nua.

**3. PLÉ**

a) Déan plé ar an tábhacht a a bhaineann le traidisiúin a choimeád beo.

**NÓ**

b) Déan plé ar na buntáistí (A) agus ar na míbhuntáistí (B) a bhaineann le peata ainmhí a bheith agat.

**Tabhair:**

1. Cumarsáid + ábhar (C) = 15 mharc
2. Teanga + cumas scríofa (E) = 15 mharc
3. Comhleanúnachas téacs (TC) = 10 marc

**1. Cumarsáid + ábhar (C)**

- Tabhair marcanna don ábhar ar dtús (ex15).
- Bain úsáid as na litreacha (A - F) agus pointí ábhair aonair á dtaispeáint agat agus, nuair is cuí, uimhreacha forscripte do phointí comhleanúnacha laistigh den réimse ábhair sin ($A^1$, $A^2$, $A^3$); ag deireadh an chleachtaidh taispeáin na pointí iomlána don ábhar (C = …).
- Ní thugtar aon mharc ar eolas/ábhar breise: bain úsáid as lúibíní cearnóga chun ábhar neamhábhartha a chur i leataobh […]; ná bíodh sé san áireamh agus an cumas scríofa á mheas.
- Tabhair 1 mharc ar gach sonra/frása/coincheap/smaoineamh. Cinntigh go gcuirfear sonra AMHÁIN ar a laghad ar fáil ó gach ceann de na catagóirí nuair a shonraítear sin.

**2. Cumas scríofa (E):**

- Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.
- Más ionann an marc don ábhar agus 7 nó níos lú nó má tá an cheist róghearr (níos lú ná 60 focal), marcáil cumas scríofa as 10 agus scríobh 'E níos ísle' chun é sin a léiriú.
- Cuir bosca cearnógach timpeall earráidí a dhéantar arís is arís eile, na gearr pionós astu arís.
- Úsáid líne chorrach le haghaidh botún litrithe agus earráidí stór focal.
- Cuir líne faoi botúin mhóra.
- Bain 2 mharc ó iarrthóirí a úsáideann comharthaí boga go randamach nó nach n-úsáideann comharthaí boga san aimsir láithreach nó san aimsir infinideach.

| **E Níos Ísle Ex 10** | **E Ex 15** | **Léiriú** |
|---|---|---|
| **7-10** | **11-15** | Stór focal, úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Is annamh a bhíonn earráidí sa litriú ann, gramadach ceart tríd is tríd.<br>Leibhéal maith cruinnis i bhfoircinn na mbriathar, aontuithe agus úsáid cheart as an aimsir… |
| **4-6** | **6-10** | Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise in úsáid, b'fhéidir. Gan an iomarca dearmaid litrithe ann.<br>Ar bheagán mion-earráidí móra/iomadúla: foirmeacha briartha, tuiseal, aontuithe, na foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe ag an gcuid is airde den chatagóir.<br>Tá an cumas scríofa an-líofa, le leibhéal ard éagsúlachta léacsaí, comhréire agus nathaí, ach tá fadhbanna móra ag baint leis an gcruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha focal + moirfeolaíocht infhillte). |

| | | |
|---|---|---|
| **0-3** | **0-5** | Foclóir an-lag, agus d'fhéadfadh focail ón mBéarla a bheith ann, agus trasnaíocht ó chomhréir an Bhéarla.<br>A lán botún sa litriú, drochearráidí gramadaí: tá foirmeacha na mbriathra mícheart go ginearálta, tá na haimsirí neamhréireach, beagán aontuithe atá ceart. |

**3. Comhleanúnachas téacs:** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an gcomhleanúnachas/comhtháthú téacs **(TC)** chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

| Marc | Comhleanúnachas téacs |
|---|---|
| **9-10** | Eagraíocht den scoth. Leibhéal ard comhleanúnachais tríd. |
| **7-8** | Ábhar forbartha de ghnáth laistigh de chreat a pleanáladh go cúramach. Curtha le chéile go maith i gcoitinne ach easpa comhleanúnachais in áiteanna. |
| **5-6** | Eagrú sásúil ábhair. Forbairt smaointe neamhiomlán agus/nó gan uaillmhian Scaipthe agus/nó athráiteach uaireanta. |
| **3-4** | Cumas teoranta ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr. |
| **1-2** | Cumas an-teoranta ábhar a eagrú agus smaointe a fhorbairt. Tá easpa iomlán comhleanúnachais beagnach ar an struchtúr. |
| **0** | Chomh drocheagraithe agus an oiread easpa comhleanúnachais nach féidir aon mharcanna a bhronnadh. |

Suimigh na marcanna ar chumarsáid/ábhar (C), cumas scríofa (E/ E níos ísle) agus comhleanúnachas téacs (TC) chun na marcanna iomlána a thabhairt don cheist.

# CLUASTUISCINT - 80 MARC

Ginearálta

- Ní ghearrtar aon phionós as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Nuair a thugann iarrthóir freagra ceart agus freagra mícheart nach dtagann lena chéile ar an gceist chéanna, cealaítear an freagra ceart leis an bhfreagra mícheart nach dtagann leis.
- Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
- Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.
- Ná tabhair marcanna ar eolas atá sa cheist.

## ROINN I — Comhráite Gearra — (20 marc)

**Tabhair 2 mharc do gach sonra**

**Mír 1:**

**1. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoin gcoinne a bhí ag an gcliant.

- ag an ngruagaire / le haghaidh bearradh gruaige
- a ndearnadh an tseachtain roimhe / roimh ré
- don lá inniu
- Dé Máirt
- an 21 Márta
- ag 11.30
- le Marina
- tá an cliant sásta leis an toradh
- cosnaíonn 1800 rúbal

**1. (ii)** Tabhair **dhá** shonra faoin tseirbhís ba mhaith leis an gcliant a fháil.

- bearradh gruaige gearr
- bob beag
- gruaig a ní
- gan ruaim

**Mír 2:**

**2. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoin gcéad árasán a thairg an gníomhaire.

- tá sé réasúnta saor
- tá sé lonnaithe sna bruachbhailte / níl sé i lár na cathrach
- tógann sé 40-45 nóiméad ar an mbus
- is ionann an praghas cíosa agus 50 míle rúbal
- ró-chostasach don chliant

**2. (ii)** Cathain is féidir féachaint ar an dara hárasán? Tabhair **dhá** shonra.

- i rith na seachtaine + tar éis 6 pm
- ar an Satharn + roimh am lóin

**Mír 3:**

**3. (i)** Tabhair sonra **amháin** faoi sheachadadh caighdeánach beart.

- tógann sé suas le 10 lá
- cosnaíonn sé 4,800 rúbal
- tá sé níos saoire ná seachadadh cúiréara

**3. (ii)** Cén t-eolas is féidir leis an gcustaiméir a fháil ar an admháil? Tabhair sonra **amháin**.

- beart / uimhir rianaithe

**ROINN II** **Agallamh** **(20 marc)**

**Tabhair 2 mharc do gach sonra**

**Mír 1:**

**1. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoi Oilimpiad na Matamaitice.

- is rud idirnáisiúnta é
- tarlaíonn sé uair sa bhliain
- tarlaíonn sé i rith an tsamhraidh
- an bhliain seo in Olsó / san Iorua
- babhtaí roghnúcháin éagsúla / Oilimpiaid scoile / uile-Rúise
- roghnaíodh seisear an bhliain seo caite

**1. (ii)** Dar le Galiia, cad iad na buntáistí a bhain leis an Oilimpiad Matamaitice a bheith ar líne? Tabhair sonra **amháin**.

- d’oibrigh siad i ngáthshuíomh / ina dtír féin / sa bhaile
- ní raibh tuirse orthu tar éis eitiltí / aistir fhada / dheacra ar eitleán

**Mír 2:**

**2. (i)** Cén cinneadh a rinne Galiia nuair a bhí sí sa 9ú bliain ar scoil? Tabhair sonra **amháin**.

- d’aithin sí go raibh uirthi níos mó oibre a dhéanamh
- thosaigh sí ag obair go neamhspleách
- ba mhian léi an Oilimpiad Idirnáisiúnta a shroicheadh

**2. (ii)** Tabhair **dhá** shonra faoi ullmhúcháin Galiia don Oilimpiad Matamaitice.

- ba rud dian a bhí ann
- bhí 2 sheisiún / rang ceithre uair acu gach lá
- uaireanta rinne sí cleachtadh / suimeanna ar feadh 10-12 uair in aghaidh an lae
- ní rud inbhuanaithe é cleachtadh den chineál sin a dhéanamh / chuirfeadh sé tuirse ort

**Mír 3:**

**3. (i)** Tabhair **dhá** shonra faoi scrúduithe Galiia.

- chaill sí a lán ábhair
- d’ullmhaigh sí go neamhspleách / as a stuaim féin
- Scrúdú Stáit Comhaontaithe (EGE) / an Ardteistiméireacht / scrúduithe deiridh a bhí ann
- ní raibh aon fhadhb aici leis na scrúduithe
- ní raibh uirthi Mata a dhéanamh / bhí sí díolmhaithe ón Mata
- Fuair sí 94 phointe sa Rúisis
- Fuair sí 85 phointe san Fhisic

**3. (ii)** Seachas leabhair a léamh, cad eile atá ar intinn ag Galiia a dhéanamh sa samhradh? Tabhair **dhá** shonra.

- chun freastail ar champa Mata
- chun obair mar dhuine faoi oiliúint / intéirneach i gcampa Mata
- roinnt ama a ghlacadh di féin
- chun dul ar fánaíocht / ar shiúlóidí fada / ag campáil

**ROINN III** **Fógra** **(20 marc)**

**Tabhair 2 mharc do gach sonra**

**Mír 1:**

**1. (i)** Cad faoi a labhróidh an déantóir seacláide le linn an mháistir-ranga? Tabhair **dhá** shonra.

- an stair a bhaineann le déanamh seacláide
- déanamh seacláide i dtíortha éagsúla
- líonadh clasaiceach agus neamhghnách a dhéanamh
- seacláid a théamh / a fhuarú

**1. (ii)** Tabhair sonra **amháin** faoin bpraghas atá ar an máistir-rang**.**

- 1,250 rúbal

**Mír 2:**

**2. (i)** Cad is féidir le duine a fháil tar éis rang trialach sa scátáil fhíorach? Tabhair **dhá** shonra.

- beidh a leibhéal aclaíochta ar eolas acu
- gheobhaidh siad traenálaí / múinteoir
- cuirfear i rang / i ngrúpa iad
- gheobhaidh siad moltaí traenála

**2. (ii)** Tabhair **dhá** shonra faoi ghrúpa na dtosaitheoirí.

- is féidir le duine ar bith foghlaim conas scátáil
- tá fáilte roimh dhaoine de gach aois
- is cuma faoi do chuid aclaíochta / do dhóigh fhisiciúil

**Mír 3:**

**3. (i)** Conas a chuireann cliant ordú isteach? Tabhair **dhá** shonra.

- roghnaigh mias / miasa ón mbiachlár
- cuir in iúl / luaigh líon na laethanta
- cuir an seoladh ar fáil
- íoc le haghaidh ordú

**3. (ii)** Cad atá san áireamh san ordú míosúil? Tabhair sonra **amháin**.

- deich seachadadh
- tá bia ag gach seachadadh ar feadh trí lá

## ROINN IV — Beathaisnéis — (20 marc)

**Tabhair 2 mharc do gach sonra**

**Mír 1:**

**1. (i)** Tabhair **dhá** shonra phearsanta faoi Yuri Nikulin.

- aisteoir mór le rá / cáiliúil
- rugadh í ar an 18 Nollaig
- rugadh í sa bhliain 1921
- rugadh í i (mbaile) Demidov
- d'oibrigh a tuismitheoirí in amharclann drámaíochta / b'aisteoirí a bhí iontu
- bhog sí go Moscó agus í 4 bhliain d'aois

**1. (ii)** Tabhair **dhá** shonra faoi bhlianta scoile Yuri Nikulin.

- ní raibh spéis aige sa scoil / sna staidéir
- thug na múinteoirí amach faoina iompar
- shíl na múinteoirí go raibh sé á iompar 'mar amadán'
- thaitin sé leis a bheith ar an ardán i gclub drámaíochta na scoile
- fuair sé a chéad taithí aisteoireachta i gclub drámaíochta na scoile
- bhí a athair ag reáchtáil an chlub drámaíochta

**Mír 2:**

**2. (i)** Déan cur síos ar íomhá iontach sorcais Yuri Nikulin. Tabhair **dhá** shonra.

- bróga móra
- bríste gearra stríocach
- léine
- seaicéad
- carbhat geal

**2. (ii)** Cén fáth ar thaitin a ról tosaigh sa scannán leis an lucht féachana? Tabhair sonra **amháin**.

- bhí sé ina fhear sásta / sona
- bhí bua aige

**Mír 3:**

**3. (i)** Conas a bhain an sorcas tairbhe as Yuri Nikulin a bheith ina stiúrthóir air? Tabhair sonra **amháin**.

- taispeánadh cláir spéisiúla
- tógadh foirgneamh nua / comhaimseartha

**3. (ii)** Tabhair **dhá** shonra faoi bhlianta deiridh ghairm Yuri Nikulin.

- bhí sé ina údar / láithreoir ar chlár siamsaíochta / 'White Parrot'
- scríobh sé leabhair de scéalta grinn / scéilíní / scéalta grinn
- d'fhoilsigh sé a dhírbheathaisnéis / dar teideal 'Almost Serious'
- carthanacht a bhunú chun cabhrú le healaíontóirí sorcais óga / ar scor

# AGUISÍN 1

## Scéim Mharcála Mhionathruithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- leagan taifeadta d'obair scríofa
- úsáid ríomhaire le saoráid seiceála litrithe cumasaithe
- úsáid scríobhaí
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach

Sa Rúisis **Ardleibhéil** i Scrúdú na hArdteistiméireachta, ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós ar earráidí sa litriú ná ar ghnéithe gramadaí áirithe.

## Léamhthuiscint agus Léiriú Scríofa

**Litriú** Ná cuir líne faoi fhocail nach bhfuil litrithe i gceart, fiú má chuireann sé as d'fhuaimniú an fhocail.

**Gramadach:** Is féidir na gnéithe gramadaí nach ngearrfar pionós orthu a mheas ach a shamhlú go bhfuil an freagra á chloisteáil agat mar thaifeadadh. Is ar dhearmad a thabharfaidh an chluas faoi deara amháin is cóir pionós a ghearradh.

# AGUISÍN 2: TÉACSANNA CLUAIS

## ROINN I

### Comhráite gearra

**Mír 1**

**Клиент:** Здравствуйте, мне нужна парикмахер-стилист Марина.

**Стилист:** Здравствуйте, это я. Вы к нам записаны?

**Клиент:** Да, я звонила вам на прошлой неделе и записалась на сегодня, вторник, 21 марта, на 11.30.

**Стилист:** Проходите, пожалуйста. Вы хотите подстричься?

**Клиент:** Мне бы хотелось короткую стрижку и небольшую чёлку. Красить волосы в этот раз не надо.

**Стилист:** Хорошо. Голову мыть будем?

**Клиент:** Да, пожалуйста.

**Стилист:** Ну как, Вам нравится?

**Клиент:** Да, отличная причёска!

**Стилист:** И Вам очень идёт!

**Клиент:** Сколько с меня?

**Стилист:** 1 800 рублей.

**Клиент:** Вот, возьмите, сдачи не надо. Спасибо большое. До свидания.

**Mír 2**

**Студент:** Алло! Агентство «Жильё»?

**Агент:** Да, чем могу помочь? Вы хотите арендовать квартиру?

**Студент:** Да, я хотел бы снять недорогую квартиру недалеко от университета.

**Агент:** У нас есть недорогая квартира, но она находится не в центре, а на окраине города. На автобусе ехать минут 40-45.

**Студент:** А сколько она стоит?

**Агент:** 50 000 рублей в месяц.

**Студент:** Боюсь, это слишком дорого для меня, я студент.

**Агент:** Тогда я могу предложить Вам другой вариант. Есть одна маленькая комната в двухкомнатной квартире с хорошими условиями: с новой мебелью, быстрым интернетом и всего в пяти минутах ходьбы от университета. Стоимость 30 000 рублей в месяц.

**Студент:** Это уже получше! А когда можно посмотреть эту комнату?

**Агент:** В рабочие дни после шести часов вечера, а в субботу до обеда.

**Студент:** Ладно, я подумаю и перезвоню Вам через час. Спасибо.

**Агент:** Будем ждать Вашего звонка. До свидания.

**Mír 3**

**Клиент:** Доброе утро! Я бы хотел отправить эту посылку в Ирландию.

**Оператор:** Здравствуйте. Какой способ доставки вас интересует: обычный или курьером?

**Клиент:** Расскажите, пожалуйста, сначала про обычный способ.

**Оператор:** Обычная доставка до 10 рабочих дней стоит 4 800 рублей.

**Клиент:** А курьером будет быстрее?

**Оператор:** Да, быстрее, от 3 до 5 рабочих дней, но стоимость 7 400 рублей.

**Клиент:** Давайте лучше обычной почтой, так дешевле. Тут ничего срочного или ценного нет, в основном книги на русском языке, журналы и несколько сувениров.

**Оператор:** Хорошо. Тогда заполните вот эту форму. Можно оплатить карточкой или наличными.

**Клиент:** Вот моя банковская карточка.

**Оператор:** Возьмите чек, пожалуйста. Здесь указан номер посылки, и по нему Вы можете узнать детали транспортировки.

**Клиент:** Благодарю!

**Оператор:** Всего доброго!

## ROINN II

**Agallamh**

**Mír 1**

Галия Шарафетдинова, 17-летняя выпускница казанского лицея показала максимальный результат на международной математической олимпиаде в Норвегии, завоевав золотую медаль.

**— Галия, расскажи, пожалуйста, об олимпиаде в Осло.**

— Это международная олимпиада по математике, которая проводится один раз в год, летом. Отбор проходит на разных этапах: от школьных олимпиад и до всероссийских. В прошлом году отобрали 6 человек, среди них была и я.

**— Олимпиада в Осло проводилась онлайн. Как ты оцениваешь такой формат?**

— Олимпиаду мы писали в Санкт-Петербурге. С одной стороны, хотелось съездить в Норвегию, посмотреть новую страну. Но, с другой стороны, мы работали у себя дома, в знакомых условиях, у нас не было усталости от долгих, тяжёлых перелётов на самолёте.

**Mír 2**

**— Как ты шла к международной олимпиаде?**

— Я записалась на кружок по математике в пятом классе и скоро стала победителем республиканской олимпиады. Но в 9-м классе поняла, что, если я хочу попасть на международную олимпиаду, надо работать больше. И я стала заниматься самостоятельно. В команду я попала не с первой попытки, но этот опыт помог мне понять, что такие неудачи меня не останавливают и я могу развиваться дальше.

**— Как организована подготовка к олимпиаде?**

— Подготовка очень интенсивная: обычно у нас два занятия в день по четыре часа. Иногда я решала задания по 10 – 12 часов в день. Но так, конечно, долго заниматься невозможно, сильно устаёшь.

**Mír 3**

**— Как тебе удавалось совмещать подготовку к олимпиаде с учёбой в школе?**

— Это было сложно: я пропустила большое количество материала по многим предметам. К ЕГЭ готовилась самостоятельно. В принципе, у меня проблем не было. Математику я не сдавала, у меня было освобождение, русский язык я сдала на 94 балла, а физику на 85 баллов.

**— Какие у тебя планы на оставшееся лето?**

— В августе я хочу поехать в математический лагерь на практику стажёром. Также надеюсь найти время и для себя: собираюсь прочитать несколько книг на английском и французском и сходить в поход с друзьями.

## ROINN III

**Fógra**

**Mír 1**

Агенство «Море радости». Подарите Вашему ребёнку незабываемый подарок на день рождения – мастер-класс по приготовлению шоколадных конфет, один из самых популярных в нашей мастерской! На мастер-классе мы будем учиться делать простые шоколадные конфеты и шоколадные конфеты с начинкой. Вначале кондитер расскажет историю производства конфет в разных странах, потом поделится секретами приготовления классических и необычных начинок, а также научит, как правильно нагревать и охлаждать шоколад. На нашем мастер-классе мы будем использовать: орехи, ягоды, цукаты, кокосовую стружку, марципан. А потом все участники приготовят свои маленькие кулинарные шедевры. Продолжительность мастер-класса – 1 час, стоимость – 1 250 рублей. Заказать мастер-класс можно связавшись с нами по WhatsApp или онлайн через наш вебсайт.

**Mír 2**

Школа фигурного катания «Снежинка». Запишитесь на пробный урок! Мы определим уровень вашей физической подготовки, найдём преподавателя, запишем вас в группу и дадим рекомендации по тренировкам.

Нашей школе уже 18 лет. Наши тренеры – это хорошие специалисты по фигурному катанию, хореографии и танцам на льду. В школе есть две группы. В группе для начинающих учат красиво кататься на коньках всех желающих, независимо от возраста и уровня физической подготовки. А профессиональная группа предназначена для тех, кто хочет более серьёзно заниматься фигурным катанием и участвовать в соревнованиях.

Стоимость абонемента – 8 000 руб за 8 занятий или 10 000 руб за 12 занятий в течение месяца. Для членов семьи у нас действует скидка 5%.

**Mír 3**

Доставка домашней еды «Мой повар». Мы работаем в Москве и Московской области, Санкт-Петербурге и Нижнем Новгороде. Наша цель – обеспечить Вас готовой и вкусной едой на каждый день. Мы доставим Ваш заказ в удобное для Вас время и место. Свежесть каждого блюда гарантирована. Вам только необходимо выбрать блюда из меню, указать количество дней и адрес доставки, а также оплатить заказ.

Месяц еды за 12 000 рублей – это 10 доставок, в каждой – питание на 3 дня! С начала сентября действует система бонусов.

## ROINN IV

**Beathaisnéis**

**Mír 1**

Юрий Никулин, легендарный и всеми любимый актёр цирка и кино, родился 18 декабря 1921 года в городе Демидове в семье артистов местного драматического театра. Когда Юрию было 4 года, семья переехала в Москву.

В школе Юрий не проявлял особого интереса к учёбе. Учителя жаловались на его поведение, по их словам, он вёл себя «как клоун». А вот в школьном драматическом кружке Юрий играл с удовольствием. Кружком руководил его отец, и на этой сцене Юрий получил свой первый актёрский опыт.

**Mír 2**

Первое выступление Никулина на манеже Московского Государственного цирка состоялсь 25 октября 1948 года. За тридцать лет работы в цирке были созданы великолепные сценки и родился знаменитый образ Никулина – большие туфли, короткие полосатые брюки, рубашка, пиджак и, конечно же, яркий галстук.

В 1958 году Никулин начал актёрскую карьеру. Его дебютная роль в фильме «Девушка с гитарой» была небольшой, но очень понравилась зрителям, и они запомнили весёлого и талантливого парня. Следующий фильм Юрия «Пёс Барбос и необычный кросс» сделал его по-настоящему знаменитым. Многие люди до сих пор вспоминают фразы этого легендарного комедийного и драматического актёра.

**Mír 3**

В 1981 году Никулин стал главным режиссёром, а потом и директором цирка. За это время было показано много интересных программ и построено новое современное здание цирка. Юрий посвятил любимому делу почти 50 лет своей жизни и сейчас цирк носит его имя.

В последние годы карьеры Юрий Никулин был автором и ведущим юмористической передачи «Белый попугай». Кроме того, он издал три книги анекдотов и автобиографию под названием «Почти серьёзно...». Также актёр основал благотворительный фонд, который помогал артистам цирка: и молодым, и тем, кто закончил карьеру.